An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

Bearta chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe san Aontas Eorpach

Achoimre feidhmiúcháin

Réamhrá

Tá an-iarracht á déanamh ar fud 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh (AE27) agus san Iorua i bhforbairt agus i dtástáil beart beartais a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Cé go bhfuil roinnt iarrachtaí déanta cheana chun cur síos a dhéanamh ar réimse na mbeart a úsáidtear i dtíortha difriúla, gné amháin a bhí in easnamh ná 'tobar eolais' a shainaithníonn na bearta a chruthaítear mar na cinn is éifeachtaí. Mar iarracht chun an bhearna eolais seo a shárú, thug an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) aghaidh ar thionscadal chun acmhainn dá leithéid a fhorbairt trí thaighde a choimisiúnú a dhéanfadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart beartais, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar inaistritheacht na mbeart dá leithéid.

Thug tuarascáil a foilsíodh in 2008 an chéad chéim i dtreo acmhainn dá leithéid a fhorbairt trí athbhreithniú a choimisiúnú ar éifeachtacht na mbeart beartais a glacadh leo i gcúig thír: an Bheilg, an Danmhairg, an Iodáil, an Pholainn agus an Ríocht Aontaithe. Leathnaíonn an tuarascáil reatha scóip an bhunstaidéir trí scrúdú a dhéanamh ar bhearta beartais i 28 tír (Ballstáit an AE agus an Iorua). Tugann sé aghaidh freisin ar chaibidil nua maidir le cineál agus méid na hoibre neamhdhearbhaithe san AE27, agus é bunaithe ar thorthaí shuirbhé Eurobarometer 2007. Tobar eolais forleathnaithe go mór is ea toradh an tionscnaimh seo, a dhéanann athbhreithniú ar suas le trí bheart beartais i ngach ceann de na 28 tír a chlúdaítear. Léirítear dá bhrí sin, an chéad chéim thábhachtach chun mol foghlama cuimsitheach nó tobar acmhainní a chruthú ina mbíonn comhpháirtithe sóisialta in ann eolas a mhalartú agus a chomhroinnt maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, measúnuithe ar thionscnaimh bheartais a athbhreithniú, agus a bhféidearthacht agus inaistritheacht a scrúdú ar fud na n-earnálacha, tíortha agus gairmeacha eile.

Comhthéacs an bheartais

Ós rud é go dtéann obair neamhdhearbhaithe i bhfeidhm ar gach ballstát de chuid an AE, tá sé ar cheann de na saincheisteanna imní coitinn i réimse na fostaíochta agus is féidir leis tionchar suntasach a imirt ar airgeadas poiblí, mar thoradh ar an mbrú a chuirtear ar ranníocaíochtaí cánacha agus sóisialta. Bíonn tionchar diúltach ag obair neamhdhearbhaithe ar dhaoine aonair chomh maith maidir le clúdach leasa shóisialaigh. D'fhonn dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe san AE27 ar an iomlán, mar aon leis na tíortha aonair, tá sé tábhachtach na dreasachtaí eacnamaíocha um obair neamhdhearbhaithe a laghdú agus chun dearcadh a athrú. Spreag an dara Chumarsáid an Choimisiúin Eorpaigh úsáid mhéadaithe na mbeart 'cairéad' taobh le 'bata' ar obair neamhdhearbhaithe, *Stepping up the fight against undeclared work*, in 2007. Aithníonn an Coimisiún, gur cé gur glactar le bearta bactha, íceacha agus coiscthe, níl a lán tíortha ag leanúint le bearta chun moráltacht cánach a spreagadh, dá bhrí sin, molann siad úsáid sa bhreis na dtionscnamh um ardú feasachta chun dearcadh a athrú maidir leis seo.

Nuair a chuirtear réimse na mbeart beartais ar baineadh triail astu ó chasadh na mílaoise san áireamh, d'éirigh sé níos tábhachtaí fós go bhfoghlaimíonn na comhpháirtithe sóisialta óna chéile faoi na bearta a oibríonn agus nach n-oibríonn. Mar sin féin, cé go bhfuiltear gníomhartha beartais éagsúla a dhéanamh ar fud na mBallstát, is cosúil go bhfuil easpa measúnaithe ar thorthaí agus ar chomhroinnt an tsaineolais. Aibhsíodh an fhadhb a eascraíonn as an easpa comhfhoghlama comhordaithe chomh maith i rún Pharlaimint na hEorpa 2008 a ghlaoigh ar Bhallstáit dul i ngleic níos fearr le hobair neamhdhearbhaithe. D'iarr an rún ar an gCoimisiún breathnú ar bhunachar sonraí a bhunú maidir leis na 'straitéisí agus bearta éagsúla a chuir gach Ballstát i bhfeidhm, chun a bhféidearthacht agus

a n-inaistritheacht go hearnálacha agus réimsí oibre eile i mBallstáit eile a mheas'.

Príomhthátail

Go dtí seo, cuireadh isteach go mór ar dhíospóireacht fheasach faoi conas dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe san AE27 agus i dtíortha aonair araon, tríd an easpa tuisceana ar chineál na hoibre neamhdhearbhaithe. Léirigh an staidéar nach ionann an scéal faoi obair neamhdhearbhaithe i ngach áit, mar shampla, cineál na hoibre neamhdhearbhaithe, a dáileadh earnála agus na ceannfháthanna chun obair dá leithéid a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá seans nach mbeadh beart beartais atá tábhachtach i dtír nó i réigiún amháin chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe chomh héifeachtach sin in aon chor in áit eile. Níl an cur chuige 'freagra amháin ar an uile ní' cuí chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, in ionad sin, beidh sé riachtanach straitéisí agus bearta beartais a shaincheapadh chun oiriúnú do na cúinsí ar leith a thagann chun cinn i dtíortha nó i réigiúin dhifriúla.

D'fhonn an réimse cleachtas atá i bhfeidhm i dtíortha aonair a thuiscint, táthar tar éis típeolaíocht de na straitéisí agus bearta beartais ionchasacha atá ar fáil a úsáid. Déanann é seo idirdhealú idir dhá chur chuige beartais leathan: cur chuige bactha, a dhéanann iarracht ar neamh-chomhlíonadh a aimsiú agus pionóis a ghearradh agus cur chuige dírithe ar iompar comhlíonta a spreagadh go dearfach. Is é an toradh is mó trasna na dtíortha a ndearnadh suirbhé orthu ná gur glacadh le cur chuige bactha go traidisiúnta chun iarracht a dhéanamh dóchúlacht iarbhír nó dóchúlacht mheasta an aimsithe nó na bpionós a mhéadú. Mar sin féin, le blianta beaga anuas, go háirithe ón uair a foilsíodh Treoirlíne um Beartas Fostaíochta Uimh. 9 in 2003, tá méadú suntasach san úsáid cuir chuige níos cumasaí, le bearta a fhéachann le foirmliú a éascú in ionad pionós a ghearradh ar fhostaíocht neamhfhoirmiúil. Áiríonn iad seo: bearta coiscthe chun neamh-chomhlíonadh a stopadh ón tús; dreasachtaí a spreagann oibrithe neamhdhearbhaithe chun aistriú chuig an réimse dearbhaithe; agus bearta a spreagann dílseacht do mhoráltacht cánach. In ainneoin na mbeart seo, bhí críochaontú na dtionscnamh chun tiomantas a ghiniúint do 'mhoráltacht cánach' mall go dtí seo.

Tugann measúnú ar réimse forleathan straitéisí agus beart beartais atá á leanúint ar fud an AE27 agus san Iorua léargas ar dhea-chleachtas agus léiríonn roinnt samplaí praiticiúla sa réimse seo. Clúdaíonn na tionscnaimh a nglacadh leo bearta bactha, bearta coiscthe, bearta 'íceacha' a dhéanann iarracht ar obair neamhdhearbhaithe a dhéanamh dleathach, agus bearta a dhíríonn ar dhearcaí a athrú agus tiomantas a ghiniúint maidir le híocaíocht cánach. Is príomhthátal é nach mbaineann dea-chleachtas go simplí le roghnú beart beartais aonair atá éifeachtach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, ach baineann sé chomh maith le hathbhreithniú ar an mbealach is éifeachtaí chun na bearta beartais a chur le chéile i dteaglaim agus i sraitheanna éagsúla. Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh measúnú ar na teaglaim agus sraitheanna atá éifeachtach agus inaistritheacht mar chuid lárnach den phróiseas athbhreithnithe.

Leideanna an bheartais

- Soláthraíonn measúnuithe na mbeart ar leith bunús maith fianaise chun go ndéanfadh tíortha cinneadh faoi thionscnamh ar leith a thástáil ina dtír féin.
- Tá tuilleadh taighde ag teastáil ar éifeachtacht na mbeart beartais sonrach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe chomh maith lena n-inaistritheacht.
- Tá tuiscint níos doimhne ag teastáil faoi na teaglaim agus na sraitheanna is éifeachtaí agus is oiriúnaí siúd maidir le bearta beartais i gcomhthéacsanna éagsúla.
- Léiríonn an staidéar gurb eisceacht í, seachas an riail go bhfoghlaimíonn tíortha ó thaithí na dtíortha eile sula gcuirfidh siad bearta beartais i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá gá le spreagadh a thabhairt go gcomhroinnfí taithí go gníomhach agus go bhfoghlaimeodh daoine óna chéile chun cur chuige trastíre idir-réigiúnach a chur i bhfeidhm.
- Tá riachtanas ann chomh maith chun eolas a scaipeadh faoi bhearta beartais trí shonraí a bhailiú ó réimse níos forleithne de thíortha, lena n-áirítear an Astraláise, Meiriceá Thuaidh agus an 'Deisceart' domhanda.
- Tá úsáid níos forleithne de thionscnaimh um ardú feasachta ag teastáil chun dearcadh a athrú, go háirithe d'fhonn moráltacht cánach níos fearr a spreagadh.

Tuilleadh faisnéise

Tá an tuarascáil, *Measures to tackle undeclared work in the European Union*, ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0925.htm. Tá an 'tobar eolais' de chás-staidéir faoi obair neamhdhearbhaithe ar fáil chomh maith ag http://www.eurofound.europa.eu/areas/labourmarket/tackling/search.php.

Radoslaw Owczarzak, Bainisteoir Taighde
row@eurofound.europa.eu